

Litir Teagmhála Baile is Scoile

A Thuismitheoirí/a Chaomhnóirí, a chairde,

Le hocht gceacht anuas, ghlac do leanbh páirt i gclár foghlama dar teideal MediaWise – Clár Litearthachta do Bhunscoileanna maidir leis na Meáin Chumarsáide, arna fhorbairt ag **safefood**.

Tá a lán foghlamtha ag do leanbh faoi na meáin chumarsáide agus faoi fhógraíocht, mar shampla:

- Conas na cineálacha éagsúla meán a aithint
- Conas cur síos a dhéanamh ar cad is fógraíocht ann
- Conas na bunmhothúcháin a mhothaímid a aithint (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla)
- A thuiscint go bhfuil difríocht ann idir mianta agus riachtanais
- Conas cur síos a dhéanamh ar cén fáth ar thaitin clár teilifíse áirithe leo
- A thuiscint go bhfuil spéiseanna éagsúla ag leanaí éagsúla ach go nglacann na meáin chumarsáide le rudaí áirithe faoi chailíní agus faoi bhuachaillí chun táirge a dhíol, agus é sin bunaithe ar a n-inscne amháin agus ní ar aon saintréithe eile
- A thuiscint cad is brí le rud a chur ina luí ar dhuine nó tathant ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- A thuiscint gur féidir le fógraí a bheith suite san fhíorshaol nó i saol na samhlaíochta, nó gur féidir meascán den dá rud a úsáid san fhógra
- A aithint gur maith le leanaí fógraí atá suite i saol na samhlaíochta.

Is é aidhm an chláir seo ná go mbeadh leanaí níos feasaí ar an tionchar a imríonn na meáin chumarsáide agus fógraíocht orainn, agus iad a spreagadh chun cinntí eolasacha agus stuama a dhéanamh faoi na meáin chumarsáide amach anseo.

Bheimis fíorbhuíoch díot dá bpléifeá na meáin chumarsáide agus fógraíocht le do leanbh, agus má tá aon cheisteanna agat ina thaobh téigh chuig suíomh gréasáin MediaWise website, ag www.MediaWise.ie nó téigh i dteagmháil leis an scoil.

Go raibh maith agat,
Le meas

Múinteoir Ranga